deirmitiu n,f. (di+airmitiu) *disrespect, dishonour*: deirmide .i. dí airmide .i. mio onoir, O'Cl. trí seithir deirmiten: tromdatu, espatu, utmaille, Triads 214. fo doere, fo deirmitneib, SR 5310.

deirmitnech (deirmitiu) *irreverent*: corusacailler-sa in manach . . . n-dermitnech út, Aisl. MC 105.

deirrit see derrit.

déis f. and m. *ns.* Déis, Rawl. 149^{b}52. déis, Laws iv 320.13. dés, v 30.20 Comm. O'Cl. *gs.* Déisse, Rawl. 149^{b}54. Déisi, Trip.^{2} 2330. na Dési Bice, MU^{2} 268. But aire désa, Laws. Cáin Ad. § 51. a. dése, ZCP ix 171 § xi. in déissi, Mon. Tall. 156. 30. rí in Déissi, Cain Ad. § 18. *ds.* déis (same word?), SR 7856. Déis, Trip.^{2} 2433. Desi, LL 48^{b}5. don Déisi bhicc, Cog. 92.15. *as.* déiss, Triads 167 (des, deissi, *v.l.*). AU 835. Laws ii 328.13, v 20.1. For declension of pl. see Déisi.

I (**a**) *tenant, vassal; vassalry*; see Críth Gabl. p. 82. deis .i. ceile, O'Dav. 613. déis .i. ceile. anflaith . . . gonus a deis .i. . . . guin in ceile tre imad indligid, O'C. 454 (H. 3.18, 242^{a}). is mor leisim in mile cemenn . . . do aithidhigh (= aithighidh) in deissi i domnuch '*to visit the tenantry*' (*land, neighbourhood?*), Mon. Tall. § 71.

(**b**) Hence in wider sense of the prerogatives of a 'flaith' which arise from (*a*) the recognition of his hereditary rank, (*b*) the office or function he performs in the territory, (*c*) his clients, free and base, (*d*) his 'senchleithe', Críth Gabl. trí sóir dogníat dóeru díb féin: tigerna renas a déiss, *etc.*, Triads 167. fear reanus a tir no a deis, Laws v 20. dlegar do ḟlaithaib donimairget (*sic leg.*) cach dib for a deis, iii 20 (with gl.: .i. dlegar . . . timorgan caich dib for a ferann diles). a mignima . . . fria deis (.i. fria ceilib no fria fearund), ii 328. is rechtaid cach for a deis fodeisin .i. ar a ferann no ar a ceilib, i 230 Comm. dun airig ac ata des feraind, v 30 Comm. caitti déis ḟlatha, dég dligid comditen dána? Dicoissin cetheora déisi do flaithib, Críth Gabl. 320. Aire désa, the lowest of the noble grades, p. 70. aire désa cid ara n-eperr? Arindi as dia d. direnar, 328. caiti tothacht aireg désa? Deich céli leis: cóic céli giallna[i] 7 cóic sóerchéli, 330. Ellipt. d. = aire désa:

forus flatha .i. o d. co ríg, 316. sē bá donn aire dése (as enechland), ZCP ix 171. ben airech desa, Cáin Ad. § 51.

(**c**) In wider sense, *land, domain, district*: dés .i. fearann; dés druimneach, O'Cl. siu nobetis mōini ar bēs | nā grēs nā dōine fon deis (: séis) *throughout the land* (?), SR 7856. ?ríi foides ēnlaith n-ēn ṅdil | cen lēn dar róendes richid, 1018 (*cf.* des).

II *Host, band* (?): deis .i. cuiriu nó slogh, O'Dav. 613. dése .i. buidhne, O'Cl. Perh. also: co ndernsat cnámbrétaigh 7 desi (deise, *v.l.*) fodhailti dá cnámaibh, CCath. 2108 (see daiss).

III As tribal name (properly = *vassal or rent-paying community*) and later n.loc.: in Deis tuaiscirt 7 in D. deiscirt, Rawl. $149^{b}52$. do rig na Deisse deiscirt, 54. luid isin D. descirt, Trip.^{2} 2433. din D. Tuaiscirt, 2396. rí in Déissi tuaiscirt, Cáin Ad. § 28. forsin Deis tuaisciurt, AU 835. an Deis beg, Top. Poems 122. i crích na Dési bice, MU^{2} 268. don Déisi bhice, Cog. 92. i nDes biuc, Lec. $422^{b}26$. See also Déisi.

deiscéimm (dess+céimm) lit. *a step to the right*, apparently a definite measure; *full pace*: se traigthi i ndeisceim, Laws iv 276.24. deisceim dá traigh co leth eside, O'Dav. 1048 (see Gwynn, Ériu ix 157). deisceim 7 tua[th]ceim cach leth imaire .i. ceim da leith deis 7 da leith chli .i. lethet cach imairi dibh no secht foit arathair, O'D. 2350 (Rawl. B 506, 40^{a}). mata ac iarraidh conaire isedh dlegar deisceim 7 tuadcheim do legud do (*i.e.* if a man's land lies between that of two co-tenants he must have access to the common woods, *etc.*), 2270 (23^{b}). *Cf.* O'Don. Suppl. *s.v.* airceann, traighidh.

déiscin see déicsiu.

deiscipul o,m. (Lat. *discipulus*) *disciple* (*in religious sense*), *pupil*: disgibul *discipulus*, Ir. Gl. 438. deiscibul .i. dalta, Stowe Gl. 305. descipul apstal '*a disciple of apostles*', Wb. $18^{d}1$. Filétus a ainm in descipuil sin, PH 2177. tri coicait descipul la Manchan, LL $373^{d}54$. a descibail dá ditin (of Cú Chulainn), TBC 3836. ar sluag na n-uag ṅdeiscipol, SR 7814. co ṅdesciplaib Íssu, Fél. Ep. 246. dáig na berat mo desciplu leo, PH 2201. trisna huile disciplu, ZCP ii 321.16. *vp.* a uile naoimhdheisgiobla an tighearna, Parrth. Anma 297. As technical term: *the second or third lowest in rank of the grades in a monastic school or school of canon law, or of the* secht ngrád ecnai: cóictach, descipul, foglaintid, starige . . . forcetlaid, ZCP v 499. caecdach 7 foglaindtig 7 deiscibail 7 staraige 7 forcedlaid, Laws v 102.19 Comm. desgibal .i. fear ag a mbí fochoire uile .i. da leabhar déag na fochoireach, MS. Mat. 494. Note also: onórachuss in uachtaráin atá ag guibernóracht uassin egluiss co n-a dhescipal *of the superior and of his assistant*, Fl. Earls 180.

deiscréidech, *etc.* see discréit, *etc.*

deiscribide see discréite.

deise iā,f. (dess) *suit of armour or clothes, apparel* (usually of festive attire): da fechair mhe ag dul um deisi *going into mine armour*, Fier. 27. deisi ridire, Ériu v 194, 558. do chuir deisi aenaigh 7 oirechtais uimpi, St. Ercuil 2076. Used of complete battle equipment: thug Cian a dh. féin, idir each 7 éadach 7 bhrataigh, Ériu i 95 § 49.

Déisech (Déisi) *belonging to the Déisi*: Domnall Deisech, AU 1060. *gen.* Domnaill Deisich, *ib.* Tighearna na nDéiseach, TSh. 5450.

deisechad see dessigid.

deisecht (dess): cuir dhíot do dheiseacht úait '*ornaments*', Ex. xxxiii 5.

Déisi: pl. of déis as tribal name, lit. '*the vassal or rent-paying tribes*'; applied to the tribe or tribes, whose original home was Deece in Meath, and who afterwards migrated to Munster. See MacNeill, Pop. Groups 66. coica toirgi laisna Déisi, Ériu iii 141.215. a cuich fichet nach tairthatar (*viz.* raind) 7 is dona toirgib [sin] is ainm Déisi, 217. ni hainm doib-side (*viz.* Dál Fíachach) Déisi, 218. *np.* in Déisi oc Declan co bráth, Thes. ii 297. Déissi, Cóir Anm. 169, 170; Trip. 343 n. na Dési, TFrag. 168. na Desi tess 7 tuaid, Lec. $459^{c}6$. *ap.* na Desi deisciurt, Cog. 24. *gp.* Patric na nDéise, Thes. ii 297. ri na nDeisi, Cáin Ad. 17. na nDési, 18. inna nDéissiu, 28. ár na nDése, CS 940. *dp.* i nDesib, Fél. p. 56. isna Desibh Breagh, Hy Fiachr. 24. lasna Deisib Breg, Lec. $449^{c}2$. forsna Déisibh, FM 265.

deisigid see dessigid.

? **déisis** (déis) '*vassal tribute*' (MacNeill): itt e fil fo deisis (chis, Rawl.) 7 dligud 7 bodagas dona flathaib, Ériu iii 141. 217.

deismerecht see desimrecht.

deisnechdae io, iā (dess?) *southern*. *apl.* deisnechdai gl. *australes*, Ml. $94^{b}27$. *Cf.* desnechde.

deispionsáid see dispensáid.

deisred (dess) *right hand*: for desred .i. forsna gó gréne robátar ina laim deis, Thes. ii 336.38 (Hy. v 34 Comm.). for a deserud (déserud, deiseruth, desrig, *v.l.*) Im. Brain p. 47. doberthar Findabair fora deisreth, TBC^{2} 1580. fora deasrig (desraid, LU), 1586. rogabastár a del intlassi ina desra, 1882.

?**deissoic**: for Uu mMaine d. '*of the South*', AU 813.

déistin (O.Ir. *détsin, *cf.* détsinigidir) f., later m. déisden m., IGT Decl. § 11. déisdin f., § 149. *disgust, loathing, abhorrence*: ba leor grain is gairbdeistin (: dēcsin), BB $393^{b}42$. in lán péistedh, in cath crum, | ach! is déisten a ndúscud, Arch. iii 239 § 27. atá déisdin ar fhiaclaibh a mac (= *dentes filiorum obstupescunt*), TSh. 3330. ionnus gomadh lughaide a dhéistin (of a patient taking nauseous medicines), 8165. do ghabh déisdin a n-anam súd ris an uile oileamhain (= *omnem escam abominata est anima eorum*), 1564. tre iomad déistine rés an mil, 7426. deoch . . . ní ib duine le déisden, IGT Decl. ex. 391.

déistinech o,ā (déistin) *abominable, disgusting, loathsome*: gníomh déisdineach (= *abominationem*), TSh. 1736. is déisdineach an corp d'éis an bháis chorpordha, 1302.

deistiu (déistiu?) n,f. *residue, remnant*: deistin .i. fuidell cach raota nó iartaige clainni, O'Mulc. 327. deistin .i. doruartéit, ut dixit: diam deistinuib athair aendán .i. mas ingen namá doruartéit di chloind in athar, H. 3.18, 69^{a}. feistidh no deisti .i. tiruairsi no comarba fil dia eis in fir mairb, O'Dav. 896. nach dilius daghrath desti na flatha, Laws ii 270.16 Comm., see ZCP xiv 365, xvi 209.

déitgen see détgen.

deithbered (2 deithbir) *distinction*: co n-a deithbereadh, co n-a dellrad 7 co n-a dearscnugad do drechaibh . . . in domain, MR 114.19.

1 deithbir i, adj. and subst. (dí+aithber, lit. *blameless*). dedbir, Wb. $3^{b}30$, Trip.^{2} 2028. deidbir, Wb. $6^{a}12$. deithbeir, $33^{c}16$. deithbir, Ml. $38^{d}2$. de(i)thfir, PH. debthir, Auraic. 178. deithfir f., IGT Decl. § 13.

I As adj. *fitting, proper, reasonable, natural* (both of that which is inherently right or meet and of that which might be expected under the circumstances): d. .i. dí aithbir, Corm. Y 15. d. .i. dlightheach, O'Cl.

(**a**) Rarely attrib.: inna nnaimtine ṅd. *of the just enmities*, Ml. $38^{d}2$. ni thechtam serccai acht sercca dethbiri, Alex. 894.

(**b**) Usually as pred. with cop. (often unexpressed): is deidbir moídem di suidib, Wb. $17^{d}19$. cani d., Sg. $3^{b}12$. dethbir dímicim do na hindmassaib talmandaib, PH 5878. d. ón (sin) *that is natural; that might be expected* (in confirmation of a preceding statement; often followed by an explanatory sentence introduced by ar, úair): for Cúchulaind uccot, olse, dochuaid rimsa for teithed. Deithber son, ol Medb, ma ranístais daghóic, ní gébad in sirite fri feta, TBC^{2} 1263. imsoítis a claidib friu . . . d. ón, ar no labraitis demna friu dia n-armaib, LU 3236 (SC 2). *Cf.* TBC 1904; LL $30^{c}8$; PH 4825, 5194. is d. dom *it is right* (*proper, natural*) *for me*: is deidbir deit á aigthiu *it is reasonable* (*fitting?*) *for thee to fear him*, Wb. $6^{a}12$. is dedbir am duit *thou hast reason*, Trip.^{2} 2028. ba sodeithbir dó, Ériu vi 148.50. is d. limm *I deem it right, fitting*, Sg. $3^{b}2$. Followed by appositional clause introduced by cia: is dedbir dúib cid mebul lib a taidmet *it is reasonable that ye should be ashamed to call them to remembrance*, Wb. $3^{b}30$. deithbeir do ceith aneola *that he be ignorant*, $33^{c}16$. is d. . . . cid ansa don curp a congbal *no wonder that it is hard for the body to contain itself*, Mon. Tall. § 60. d. dóib cid mór a mbríg, LL $276^{a}11$. d. cidh airdirc an fód *rightly is the spot celebrated*, FM 915 (poem) (ii 590.12). Followed by neg. clause: is deithber cen cop mór mo thua-sa, LL $275^{a}6$. *Compar.* deidbiriu, Wb. $6^{a}8$, $9^{c}10$. dethbiri, FA 34. Adv. in d. gl. *merito*, Ml. $47^{b}5$.

II As subst. *reasonableness, fitness*, hence *reason, cause*: ata dethbir saine sin (text?), Todd Lect. vi 46. hit é tra dethbiri dosbera in plág fo thír n-Erenn .i. díth cretmi, etc. *the reasons*, RC xii 426 § 15. In concrete sense *matter*: ó díscáiledh na ndethber ó fásann an folt 7 in uair díscáilter na dethbir sin . . . ní leighester an folt, O'Gr. Cat. 178.

2 deithbir f., not found in O.Ir. *gs.* deithbire, deifreach.

I *Distinction, difference*: dethbir eter conn 7 ceill 7 inntlecht, O'Dav. 755. in dethbir bias etir na da sruth, Lism. L. 4255. acht nad fil deffir eturro, LL $30^{d}28$. dethbir ngellta *a difference of pledge*, Laws ii 138 n. dethfir itir in andsum 7 in ecmacht *the difference between the difficult and the impossible*, v 222 Comm. go mbí deithbhir idir phianaibh na bpeacthach, TSh. 6468. gion go bhfuil in pulsa cruaidh ina dhifir dhiles d'aoinfhiabrus, is mo ata ag an fiabrus etica na ag aonfhiabrus eile *differentiating mark*, 3C19, $250v^{b}15$.

II *Haste, hurry* (for development of meaning *cf.* debuith): do aithenset co raibe d. mor fair, Acall. 3013. re dethbir na dála sin, MR 238. deithneas 7 deithbhir do dhéanamh ré triall, TSh. 7749. *gs.* fáth deithbhire, 10618. deithfir, IGT Verbs § 83.

1 deithbire iā,f. (1 deithbir) *adequate reason, necessity, just cause*: slógad fri deithbiri, Tec. Corm. § 1. atcether a d. *let the cause of it be seen*, Ériu vii 150 § 20. cen deithfiri *without*

just cause, 162 § 7. In Laws *justifiable excuse or lawful impediment*: cach turbaid (*sic leg.*) co ndethbire *every exemption on ground of necessity*, Laws i 268. 8. athchur a mialtair cen dethbire *returning a child badly fostered without necessity* (?), ii 162.26. diriuch cach dethbere, 2.4. imscar dethbire *justifiable separation*, v 136.4 Comm. dona cintaibh deithbhire *of unavoidable* or *justifiable infractions of law*, iv 246 Comm. ceithre gona duine d. *four cases of justifiable homicide*, 252.17.

2 **deithbire** iā,f. (2 deithbir): ni cuindig neac uainn d*eth*bi*r*iu (= derscugud, Alex. 877) diaraili uair is inand foluth duinn uili *none of us desires to be distinguished from the other*, BB 498^{a}45. do lin cumghacht defiri 7 eagla a craidhi *excitement* (?), Lib. Flav. ii 6v^{b}31.

deithbirech o,ā (2 deithbir) *hasty, hurried, urgent*: deinmne .i. luath no deithbhireach, O'Cl. co dana 7 co dian 7 co deithfireach, CF 731. robuail dorn co dethfireach fair, ZCP vi 78. gur scairt A. go deifirech relíf *called for immediate relief*, Rel. Celt. ii 200.25. go deithbhireach, TSh. 7832.

1 **deithbires** [u,m.] (1 deithbir) *just or reasonable cause, the necessity which calls for a certain action*. See O'Don. Suppl. is edh is becdethbirus ann .i. ric a les é 7 connicfad a sechna; is edh is mardethbirus ann .i. ric a les é 7 nocha cumaing a sechna, O'C. 398 (H. 3.18, 222^{a}). daine nach doich do dul uada acht le dethberes *except by necessity*, Laws iv 230. fri cach oen tic fri dethbiris *every one who comes on business*, v 152 Comm. *dpl.* deithbirsib, i 198 Comm. dethfirse techta *fitting necessities*, Anecd. iii 21.9. dothet cach pennain fo meit an pectha . . . 7 fo dethberas ara ndéntar, RC xv 488. ni bu ainm cin tothacht 7 cin dethberus *a name bestowed without just cause*, PH 6267.

2 **deithbires** m. (2 deithbir) *difference*: fo dethbires a neinecluinne, Laws i 60 Comm. Or same as 1 deithbires?

deithbirid (2 deithbir) *differs*: cneda rob amail cnedha na ndaine no co ria fuiliugadh 7 ó ro sia is ann deithbirit, O'D. 1969 (Eg. 90, 8 (9)^{d}) = dethbirit, O'C. 1777 (23 Q 6, 38^{a-b}).

deithbirsech o, ā (1 deithbires) *necessary, under necessity*: másа scarad dethbire 'con dara de 7 scarad indethbire 'caraile, in coibchi don dethbirsech 7 in taltram ocon indethbirsech, O'D. 1607 (H. 5.15, 12^{a}). deismbirecht sin arna uile deithbirseach dlegar do biathadh, O'C. 2545 (Eg. 88, 45 (46)^{d}).

deithbrigid (2 deithbir) **I** *hastens*: do deifrigetar i ndiaid ffer gConnacht, SG 283.31. *ipv. 2 s.* deifrigh, TD 2.2.

II (**a**) Intrans. *differs*: anmand . . . dethbriges lan *that differ to the full*, Laws v 84 Comm. is mar so difrigheas sé o tersiana *this is how it differs from tertian fever*, 3 C 19, 5r^{b}29.

(**b**) Trans. *differentiates, distinguishes*: nasdefrigidar a tri urlundinnsci *their three leading words of gender distinguish them*, Auraic. 616. intan deifriche fri neach n-aili *when thou distinguishest* (*him*) *from some one else*, 587. is a ndanaib defrighit 7 dearscaighit gach gradh dibh so o' raile, IT iii 6. 2 *v.l.*

deithbrigud *vn.* of deithbrigid. (**a**) *distinguishing, differentiating*: deifrighudh na persainde tria hinchosc, Auraic. 722. do dhiffriugadh na bfiabrus, 3 C 19, 249r^{b}19.

(**b**) *hastening*: bí ag deifreaghadh, TD 2.1.

deithiden ā,f. in O.Ir. dethiden, Wb. 10^{b}10, dethiten, BDD § 147. *ds.* dethidin, Wb. 10^{b}15, *npl.* dethidnea, 3^{d}30. *apl.* deithidnea, Ml. 43^{a}23. Later deithitiu (deithide) as *n*-stem. dethitiu, dethidiu, dethide, PH. dethitiu, RC xxv 246 § 26 (LU). *gs.* dethiten, § 24 (LU). *ds.* dethitin, PH. dethitiu (deithitin, *v.l.*), Alex. 913. dethite, FA 27 (LB).

I *Care, concern, solicitude, attention* (bestowed on a pers. or thing); somet. with bad sense (esp. in later texts) *care, anxiety, trouble*. Gl. *cura*, Wb. 28^{d}22, Ml. 32^{b}9, 46^{b}10, 131^{c}13; *sollicitudo*, Wb. 26^{d}19. atá dethiden fuiri cene .i. imradud inna rete domunde, 3^{d}34. cecha dethidnea domundi do imradud, 3^{d}30. roboi dethiden mór oca togu són gl. *cum cura electi*, Ml. 131^{c}13. is dír .i. is dethiden do gl. *ad illum pertinet*, 30^{c}4. ní dethiden dosuidiu act fognam uxori *his only concern is*, Wb. 10^{b}10. dús in bad imchomét ind ríg bád dethiten dóib, BDD § 147. is dethitin don Liath Macha in corp út, RC iii 183. is deitheden ele domsae *I have something else on my mind*, xii 62. co fagbhadh anoir 7 dethiti ocu-somh *honour and attention*, ZCP iv 383. i comartha failti 7 deithiten, Lism. L. 3705. leabhair dhiadha do léaghadh . . . go ndeithide 7 go ndícheall, TSh. 1852. ni tairmescann nach dethitiu ar c(h)odlud, Alex. 875. ni ro lae tigerna in tige i snimh no i ndeit[h]itin, CCath. 3337. fer rola sníomh 7 deithitte an tsaoghail de, FM vi 2220.

With obj. gen.: cen nach tairmesc ó dethidin in betho, Wb. 10^{b}15. deithide (dethitiu, LL) senchasa, Tec. Corm. § 1. ic dethitiu (deithitin, *v.l.*) in domain, Alex. 913. deithitiu na coilnidi *concern for carnal things*, Mon. Tall. § 46. fri deit[h]ide cuirp *for the care of the body*, Ériu i 39. is mor bar ṅdethitiu lium *great is my solicitude for you*, PH 7245. indus co mbetha am dethidi *so that thou wouldst take care of me*, 3 B 22, 64^{b}1. ni bia dethitiu neich . . . for araile, RC xxv 246.

With prep. of object of care, *etc.*, and somet. subj. gen. With DI: robo diliu linn dethiden-díbsi, Wb. 14^{d}13. in d. file domsa diibsi gl. *qualem sollicitudinem habeam pro vobis*, 26^{d}19. cen dethidin dissi, 28^{d}22. dethiden dinaib bochtaib, Ml. 129^{c}3. With DO: cia dethitiu i faili-siu don bargin út? *why do you trouble yourself about that loaf?* Ériu i 134. dethiden do duine, fall fri Dia, ZCP iii 25. robái deithitte aicce dona leabhraibh coisrioc[th]aib, RC xxv 390. IMM: na bidh do det[h]ite impe, Aisl. Tund. 101. ba becc a dethitiu im a chorp itir biad 7 etach, PH 871. ni rogénair . . . nech badh mho deithitin . . . im ecluis nDe, Lism. L. 4488. ar méd a gradha 7 a deithite uime, BNnE 291. dia deithidin im Saxanaib *of his* (*Gregory's*) *care for the Saxons*, Anecd. iii 71. dogní d. de *takes pains about, is concerned about*: an duine dia ndénisiu deithidin, ZCP iii 30. det[h]ide mor do denam do leigius na nescoid, 24 B 3, 7.18.

II *Regulation, prescription* (?): seanadh cleireach Erenn do beith . . . i nAthCliath . . . 7 rochinnsed deithide iomdha na comhailtear '*they enacted many ordinances not* (*now*) *observed*', FM iii 28. *Cf.* O'Mulc. 297: deithiten graece dietan [= δίαιταν?] .i. obseruatio legis et vitae .i. airchisecht cuirp 7 anmai (where, however, gloss is prob. meant for the Gk.).

deithidnech o,ā (deithiden), Mid. Ir. deithitnech, deithitech *careful, attentive, earnest*: in n-acaldim deithidnig gl. *sollicitam consultationem*, Ml. 35^{c}27. ba d. di in drui, Ir. Texts i 3 § 5. co crabud dethitnech do Dia, PH 4963. co dethitech do rér na rig *careful in obedience to*, 4069. is timthirig deithideach he fria laim an Choimdeag, YBL 167^{b}4. dalta . . . deithidech derb-tairisi do D., MR 292.10. ac sírmolad a nDúilim co deithidech *diligently*, RC xxviii 316 § 27. *Compar.* deithidnigiu gl. *sollicitior*, Ml. 32^{c}5. deithitnecha, SG 392.28.

deithidnigidir (deithiden), later deithit(n)igid and deithnigid. (**a**) Trans. *concerns, troubles*: nom deithidnigthersa gl. *sollicitor*, Ml. 29^{d}7. dethitnigther Dia donaib talmantaib *is concerned about mortals*, Alex. 947. na deithidigh comhairle aen duine, ITS xxix 203.34.

(**b**) Intrans. *concerns oneself, takes pains*: ro deithniges go ra sgribaind araile do lamarta *I took pains to write certain fragments*, Todd Nenn. 24 = rodeithidnigius[s]a, BB 203^{a}3.

? **deithnech**: a meic mo Dé deithnig, ZCP vi 260.

deithnes [o,m.] *speed, haste, eagerness*: crib .i. deithneas no luas, O'Cl. buaid . . . dethnis '*palm of expedition*', Fen. 174. re deithnios . . . na deise deglaoch, SG 272. do-ní deithbhir 7 deithneas ré rochtain 'na láthair, TSh. 10335.

deithnesach o,ā (deithnes) *hasty, eager, earnest*: dorinne urnaigthe d. go Dia, BNnÉ 198. do fhiafraidh sgéala go dithneasach dhe *eagerly*, ML 52.30.

déitiu n,f. *vn.* of daimid. *recognizing, granting, admitting, conceding*: deide .i. umhła, O'Cl. detiu, Corm. Y 36. d. dligid *recognition of law*, see Ériu x 122. iar ndeitin dligidh do, Laws iv 30. acht mad ro bui ardur[c] no deiden dligid i nEirinn, O'C. 2363 (Eg. 88, 28 (29)^{b}). muna roib deidin ind acht cert caich amail a nert, *ib.* nemdeitin dligid, O'C. 2072 (H. 4.22, 67^{b}). cen détin cirt na dligid (*sic leg.*), Met. Dinds. ii 8.88. déiti i comgialla, Ériu xvi 183 § 39. Of prescriptive title: detin aenfir, 7 aititiu deisi 7 comdeitiu trir, Laws i 66.22 Comm. atsuidter for deitin, ZCP xiii 24.3. nocho bia maith ar détin, LL 146^{b}47.

déitnid (déitiu) *grants, acknowledges*: nocha deithin (*sic*) dlige umpu . . . 7 tall ro deitin dlige umpu, O'C. 218–9 (H. 3.18, 115) = nochar deitin, O'Don. 649 (H. 3.17, 483).

Deitsin n.pr. m. *gen.*, Rawl. 161^{b}41. Lec. 588^{b}28.

del see 2 deil.

1 **dela** In Corm. (see below) apparently pl., sg. deil. (**a**) *teat, dug*: deala .i. sine no ballán, O'Cl. o d. co droind, IT iii 246 (LL); *cf.* bruchtaid in buar bódela, ZCP viii 105. deil .i. sine bó, Corm. Y 430. sinethæ dianat anmanna d., 431. ar son delae .i. uithi, Dinds. 46 (RC xv 439). boinine fo d. (delai, *v.l.*), Anecd. ii 75.9. roselai delai fir muaid .i. ro denusa sini ind fir . . . ica rabatar móini na hecisi, RC xxvi 16 § 18. ? co deiligh a d. iarna thaemad, Dinds. 93 (RC xvi 44). deal (**a**) fola *a bloodsucker or horseleech*, P. O'C.

(**b**) Fig. *affection, kinship* (see O'Rahilly, Sc. G. Stud. ii 16, Celtica i 369): deala .i. gáol no cairdeas, O'Cl. deal '*kindred, friendship, affection*', P.O'C. alainn in tír i tánac | mochen rí dámad dela (: feda), SG 346. ?Mag Fea, ní d. do deir, Met. Dinds. iii 198. athair 7 mathair Hisu 7 dream da lucht gail 7 deala, YBL 148^{b}23. gar, a Mhuire, dhaoibh mo dheala, Celtica i 29.1. ná diult mé gidh créad mo cheana, | a Dhé, 's méad mo dheala dhuid, DDána 25a.20. ? *Cf.* dall cíach deala 7 dubha, L. Chl. A. Buidhe 143.143.

(**c**) *meet, proper*: deighmhein as deala don druing, Top. Poems 60 (= Hy Fiachr. 187). dún ris nar dheala dhún druim, DDána 74.59 *'the fort we ne'er should have left'*, Ir. Monthly 1919, 343.

2 **dela**: deala .i. diultadh no doicheall, O'Cl. See deiles.

1 **Dela** n.pr. m., LL $12^{b}1$.

2 **Dela, Delo** n.pr. m. *gen.* coiced nGaind meic Delo, LL $334^{f}4$. mac Dela, Dinds. 159. Loch, Mag, Ros, Slige D., Hog. Onom.

delachad see deiliugad.

delaide: dond ḟiuc[h] dub delaidi, SR 2558 (of the raven that did not return).

delaigid see deiligidir.

Delaind n. loc. *dat.* for D., TBC 335 = Delind, TBC^{2} 103.

? **delair**: dorochair leo im Dub ṅd., LL $204^{b}1$.

delam (de-(dí-)+alam, O'Rahilly, Ériu xiii 204) *without wealth, poor, indigent*: Loch Deala nach d. craeb, Hy Fiachr. 280 *'whose woods are not devoid of wealth (herds)'*, O'Rahilly *loc. cit.* is dealamh damhsa . . . 7 atá cíos trom agam tigerna oram, BNnÉ 188 § 33. See also 3 delb.

delan (1deil?) *withe*(?): ró coirigh d. immo brághaitt, CCath. 4100.

déláraigid *demolishes, destroys*: ro delaraigedh a slóig, CCath. 2999. rodéláraighed an chathir, TTr.^{2} 1906. *Cf.* díláthraigid.

délárugud u,m. *vn.* of déláraigid *demolishing, destroying*: co Troe, da dílgend 7 da delarugud, LL $234^{b}23$ (TTr. 1309). ic digail bar ṅdenta do d., $225^{a}24$ (582). dileann 7 delarugud in ciniudha dænna, CCath. 1013. See díláthrugud.

delas see deiles.

1 **delb** ā,f., later also o and u,m. *ns.* delb, Wb. $1^{b}19$, $24^{a}8$. BDD § 99. dealbh, IGT Decl. §§ 38, 39, 192 (deilbh, § 42). *as.* deilb, Ml. 52, PH 2499. delb, 57, 180. FA 10 (LU). *gs.* delbe, Wb. $1^{b}19$. delbae, Ml. $65^{c}16$. delba, LL $213^{a}28$. dealbha, IGT Decl. ex. 1029. deilbe, Acall. 7039. delbi, PH 440. deilbh, IGT Decl. ex. 1032. *ds.* deilb, Wb. $22^{b}8$. delb, Aen. 293. dealbh, IGT Decl. ex. 988. *np.* delba, TBC 1370. delbae (delbæ, MS.), Sg. $166^{a}1$. *ap.* delba, Ml. $65^{c}16$. *Cf.* co ndelbu, FA 8 (LB). fria ndelbu (: derbu), SR 8084. Gramm. oct ṅdelbæ (*sic*) gl. *formae octo*, Sg. $166^{a}1$.

(**a**) *form, figure, appearance, shape*: fúath et d. a baissom form, Wb. $24^{a}8$. co mbiam i ndeilb ísu, $27^{b}13$. fo deilb natrach, FA 25. is adbar ríg ar deilb, Sc.M^{2} 14. isat cara iar ndreich 7 deilb, cen cop ed iar fhír, PH 3099. dobered criaid ṁbuidi moa bullu do chlith a delba *to disguise himself*, Rawl. $141^{a}17$. go ndearna . . . an dúnsa ar dheilbh cláoin-Teamhrach, Ridgeway Essays 338. cibé dianid sháil d. do gabail de sech amal ata *quisquis se uideri uult quod non est*, PH 6052. neach no biadh ic a forcsi, ni gebad d. eli dib acht *would have imagined* . . ., CCath. 782. cuma no suidigud na hymhaighi do réir na deilbhi bís a menmuin an tshaeir *'according to the form existing in the artificer's conception,'* O'Gr. Cat. 235.

(**b**) *likeness, image, statue*: in deilb gl. *statuam*, Ml. $132^{c}2$. cuirid ass deilb Mairt 7 brissid hi, PH 2499. ro crochsam th'imágin 7 do d., 180. [sciath] co ndeilbh leomain ara taoibh, Caithr. CC 116. ni denta delbha na rinnighecht forra, CCath. 1910. an t-anam do thabhairt don tí 'sa dhealbh atá ann, TSh. 1354.

As *vn.* *shaping, fashioning, arranging, composing*: scél brégi do dheilb, PH 7610. ní neamhchóir duana do dheiḟbh, IGT Decl. ex. 1312. deilbh oige ní hobair dhuit *the making of poetry*, Content. xxii 29. do dheilbh síodha fris *to arrange a peace with him*, Hugh Roe 56. *Cf.* deilbh (an tsídha), IGT Decl. § 42.

Compds. -chomartha, MR 114. -chomarthach, 120. -chosmailigid *resembles in form*: na neiche suaichinte . . . ris ar delb-cosmailigiustar D., 118. -dathach, IT iii 41. -glan: Dia d., Leb. Gab. 66. -glaine: re sluagh nDe co ndealbhgloine, Lib. Flav. ii $32v^{a}39$. -naíde *bright-faced*: i comeagar dreiche d. Domnaill, MR 118. -ṡnuigthe *wrought with images*: do bhocóidibh . . . dealbh-snuighte, ML 128.

2 **delb** *becoming, seemly* (?): mad ár ninnmus imorro nó ár naisceda do thabairt do ní d. duinn itir, SG 410.26. A special use of 1 delb, or read delbda?

3 **delb** (Later spelling of delam, O'Rahilly, Ériu xiii 204) *poor, miserable*: go dealbh dubhach, Oss. iii 244. is mairg do thuit in bhar n-dáil go dealbh, 234. atáim deacrach dealbh, Keat. Poems 513. fá theórainn na gcóirneach ndealbh, Ó Bruad. i 150.

delba *shapely*, attrib. gen. of 1 delb, when not a simplification of delbdae, *q.v.*: icc meic d. Dechtere, LU 3543 (SC 29). Dithorba d., Lec. $583^{b}24$. ar senathair saerdealba, $586^{b}41$. lucht in domain delbha (= dealbda, Lec. $537^{a}14$), BB $17^{b}33$.

1 **delbach** o,ā (1 delb): *ornamented, beautiful*: sceith delbacha, BB $489^{a}9$. ingen d., $294^{b}15$. dún dealbhach, TD 6.6. dod dhreich dhealbhaigh, Dánta Gr. 39.21.

2 **delbach** o (1 delb) *ensign, emblem*: ra tócbait a éoin gáithi 7 a illdelbaig ingantacha, LL $219^{a}7$ (TTr. 140).

delbacht see delbdacht.

delbad u, m. (1 delb) *forming, representing*: pictuir ilair 7 draguin ar na nd. go hinntlechtach, Fl. Earls 188. d. Fainne *shape, beauty*, LU 3755 (SC 34).

Delbaéth n.pr. o.m. Delbaeth, LL $9^{b}42$. Rawl. $152^{b}1$. Dealbaeth, Dealbhaedh, Cóir Anm. 159. *gen.* Delbaid, Thes. ii 287. Delbáith, LL $2^{a}1$. Delbaeth, MacCarthy 294. Delbaeith, *ib.* Dealbaoith, FM i 22. Dealbaeth . . . .i. dealb aetha .i. aeth .i. tine ar ni firthine bai annsin acht tine draigechta, Lec. $420^{a}36$ (*cf.* Cóir Anm. 159).

delbaid (delb). **I** Trans. (**a**) *shapes, forms, delineates, constructs, conceives*: delbait gl. *fingunt*, Gild. Lor. 154. am dé (.i. am dea) delbas *I am a god who fashions*, LL $12^{b}44$ (IT iii 61). don ríg rodelb ind naem-nemh, Ériu iv 160. rí . . . rodelb gach n-anmanna, ZCP viii 214. níor dealbhadh aoinlios budh ḟearr, TD 8.3. dealbobhmaid-ne sluag draidheachta umad-sa, CF 111. is é Dia rodelbhusdair, BCC § 83. fir domain dia ndelbtais cath, | ba derb ardosídaigfed, ZCP viii 218. ro deilbh M. cúisi bréagacha *invented*, TFrag. 118. With prep. 1 n- *transforms into*: delbait iat i conaib altaid *they transform themselves into wolves*, Todd Nenn. 204. rondelb Día i rrichtaib imdaib, LL $5^{a}45$. delbsat i ndeilb láig allaid Aigi, $191^{b}9$. Of literary works: dagduine dia ndelbaim dagduain, IT iii 70. rodelbus . . . drong rand, LL $199^{b}31$. delbais D. na briathra beca sa, MR 120. *Cf.* gach réd dár dhealbhas im dhán, Content. vi 94.

(**b**) *ordains, designs*: a n-ais rudelbad doib oc tuistin a coirp, Ml. $74^{a}11$. rodelbad dam dul ar cel, Ériu v 211.

Perh. error for derbaid in: do briss Crimthand cethri catha | fa dó delbaim, LL $45^{b}18$ = derbaimm, Rawl. $85^{b}23$ (RC xxxvii 336).

II Intrans. *takes shape*, with prep. 1 n- *transforms oneself into*: is de atberthe in siriti de ar a met no delbad i n-ilrechtaib, FB § 75. ro-delb . . . i fhuathaib imdaib, PH 1741.

Vn. delbad and 1 delb.

delbaide io,m. = delbdae. As subst. is hé dī d. is deach ro bai a nErind inti Bres, YBL $137^{b}18$. *Cf.* RC xii 62 and Cóir Anm. 153.

delbaigid (1 delb) *shapes, forms, creates*: nochis si in anim són na delbaigther hua lamaib doine, Ml. $138^{c}3$. Dia Domhnaig do dealbuidh Dia neamh, Celt. Rev. x 133.

? **delbanach**: gleann gaibhdharach dá lean lon, | fa threibh scol dealbhanach ghlan, Maguires of F. § 47.

delbas, delmas (3 delb, delam) *misery, poverty*: dealbhas (dealmus, dealmhas, *v.l.*) m., IGT Decl. § 38.19. ós buidheach Dia don dealbhas, Measgra D. 25.57.

delbatóir (1 delb) *framer, fashioner*: as se an t-éigios . . . derbhbhráthair (dealbhadoir, *v.l.*) na ndubhḟocal, Met. Gl. 23 § 6.

Delbchaem n.pr. ā,f. (1 delb+coém): Delbhchaemh ingin Morgain, Ériu iii 152.

delbdacht (delbdae) *beauty of form*: dealbhdhacht (drelmacht, dealmacht, *v.l.*), IGT Decl. § 26. beith gu neamhdhocht as dual duid | trúagh do dhealbhacht (dhealmacht, dealbhdhachd, *v.l.*) a D., ex. 853.

delbdae io,iā (1 delb) (**a**) *shapely, beautiful, comely*: *hic formosus* dealbhdha, Ir. Gl. 642. deich nóebóga delbdai, Fél. Feb. 28. lat NóebSpirut ṅd. (= sechtṅdelbdae *septiformis*), Ep. 354. caindelbrai . . . ité delbdai dergórdai, SR 4368. ingena delbda, LU 2866. miasa derga delbda, Rawl. $79^{a}38$. ropo delbda in díne sin, LL $163^{a}41$. Dia d., $193^{b}9$. *Compar.* (as *superl.*): gilla óc is delbdu dath, TBC 265 = ālaind dath, TBC^{2} 63.

(**b**) mucca delbda druidechta *counterfeit* (?), LL $195^{b}19$ (Met. Dinds. iii 150). *Cf.* doilbthe.

delbgosa *gs.* (? 1 delb+gus): clann Eirce d. in droing *'valorous'*, Fen. 334.15 = Todd Nenn. cvi 1.

1 **Delbnae** iā,f. tribal and place-name. See Hog. Onom. *ns.* Delbna Mor, Rawl. $153^{b}42$. Delmna Tiri Da Locha, LU 39^{a} *marg.* Deulbna, ZCP ix 169. *as.* (or *ap.*?) romuidh for Delbnai, AU 821; Delmnai 895. *gs.* Delbnae, ZCP xii 439. genelach Delbna More, Rawl. $145^{d}40$ (Delmna Móre, LL $335^{c}23$). ingen ríg Delbna Moire, BColm. 37. *ds.* C. iugulatus est ó Delbni, AU 842. uaiti do Delbna, 1035. a nDealbna moir, Lec. $420^{a}32$. hita cell ale di i nDelbna Ethrae, BColm. 9. *np.* na cethri Delbna, Rawl. $153^{b}42$. na coíg Dealbna, Cóir Anm. 159. *gp.* do thiachtain na nDealbnai, Lec. $420^{a}1$.

2 **Delbnae** n.pr. io,m. *gen.* m. Delmnai m. Ennae, Lism. L. p. 349 (LL $349^{a}54$). m. Delbnai m. Eoin, *ib.* m. Delmne m. Eoin, Rawl. 158.47. m. Delbrai (*sic*) m. Eunni, Fél. 132.

delbnaide (1 delb) *comely*: i comeagar dreiche d. D., MR 118.3.

Delbnat n.pr. ā,f., LL $353^{b}18$. Dealbnad ingen Lochtaigh, Dinds. 150 (RC xvi).

delbrad see dellrad.

Délbrai see 2 Delbnae.

Delbraid n.pr. m. *gen.* tri meic Ḟir Diad $\overline{mc}$ Delbraid $\overline{mc}$ Dairi, Lec. $449^{a}25$.

delbtha *part.* of delbaid *formed, delineated, depicted*: fuath . . .

na hurchóide dealbhtha i gcopar na coire, TSh. 1352. ar theinidh bhíos dealbhtha ar pháipéar, 4417.

delbthach o,ā (delbad): gné dealbtach *formal*, O'Gr. Cat. 235. genemain dealbtach . . . mar atá cuma no suidigud na hymhaighi do réir na deilbhi bís a menmuin an tshaeir, *ib.* in brig d. gl. (*uirtus*) *fantastica*, Mackinnon Cat. 40.29.

delbthóir i,m. (delbad) *framer, Creator*: Dealbhthóir na ndúl, TSh. 892.

? **delbthor**: sluind ar d. (delbthar, delbaethar, *v.l.*) ndímaisse, BDD § 100 f. (BDD^2 1025).

? **delchatach** o,ā: d. amirseach atamcomnaic (*sic leg.*), Ériu ii 122. corba maccu delchidech, iii 137.71. a dorchaide delchataig (delbcathaigh, *v.l.*), IT iii 11. *Cf.* next.

delchet *a delicto*, O'Mulc. 304.

delech (deil *s.v.* dela) *having udders*; *milch-cow*: se delechaib, Laws i 64.4 .i. se sinechaib, 66 9 Comm.

delg s,n, later also o, m. IGT Decl. § 44. *ns.* a ndelg, Thes. ii 248.8. d. n-argait, TBC^2 2799. d. n-iarind, BDD § 137. in delc, Aisl. MC 25. *as.* a ndelg, Thes. ii 248.4. delg, BCC § 219. *gs.* in delgai, Aisl. MC 25. delci, *ib.* deilge, ZCP ii 135. deilgi, IGT Decl. ex. 1236. deilg, 848. *ds.* co ndelc, TBC^2 3234. *np.* deilge, Anecd. i 56 (Imr. Maíle D.). TBC 5684. delge, Laws ii 146. deilge, LU 7540 (BDD § 107). delgi, TBC^2 3322. *ap.* delge, Ériu ii 192 § 3 = delgu, LB 202^{b}47. delgae, LU 7615 (BDD § 116). *gp.* delg, Corm. Y 474. delgi, Ériu v 22. dealg, IGT Decl. ex. 1240. *dp.* delgib, LU 7210 (BDD § 87). deilgibh, IGT Decl. ex. 1235.

(**a**) *thorn*: hó lorc dromma [nó] delc gl. *spina*, Ml. 51^{a}8. *hoc spinter* dealg, Ir. Gl. 1074. diuscart dím a nd., Thes. ii 248. *sentes* .i. deilggi, O'Mulc. 203. dealg don sciaigh il-láimh gach fir, IT iii 97. ba háthithir delc sciach, TBC^2 1454. an dealg droighinn-se, Ériu iv 190. áithiu cech d. is ou, PH 4137.

(**b**) *pin, brooch* fastening the mantle on the breast: durbuid no delesg .i. deilg '*fibula*', Dúil Laithne 37 (Goid. 75). d. .i. del-seacc, nō dē-leg ex quo legat duas partes togae, Corm. Y 478. mo delc cia theis triam dernaind, IT iii 19. doticsa a d. asa brut 7 clandti inda gruaid, Mon. Tall. § 61. deilgi créda i n-aurslocud a mbrat, BDD § 107. d. nduillech *a leaf-shaped brooch*, TBC 4359. d. duilleanda (*sic leg.*), *ib.* St. *Cf.* dealg co nduillinn, O'Dav. 200, n. d. ṅdrolmach, TBC 3101. atnaig a mér tria drol a delci, 7 tummais rind in delgai . . . isin tiprait, Aisl. MC 25. Of a brooch for fastening the mantle on the arm: brat glas imbi co ndelc argaid ara doit, TBC^2 3234. tri delgi ōir huasa ndoitib, 3322. deilge órda iar ṅdótib, TBC 5684.

(**c**) *peg, spike, nail, pointed implement*: airdbi na ndeilcc .i. athchumma naursan tige 7 tuired 7 airchinnig (*leg.* airinig) imdai, O'C. 810 (H. 3,18, 374^b). timpan ... cona deilgib óir, Acall. 5552. delgi iarnaidi a finna, Ériu ii 192 § 4. fer cen gaisced acht oendelc n-argaid ina laim, TBC^2 2755 (= bir iairn, TBC 4245). tri calgga dét fora slessaib, tri sċeith dergga acco...tri delggi forloscthi ina lamaib, LL 30^{d}47. do bidh uimir mor do dealgoiph iaroinn asa n-erbluibh do pianadh na n-anmann, Aisl. Tund. 130. With meaning *nail* in ref. to the Crucifixion: mé do lá . . . deilg ina dernonnaib, Ériu iv 114. A. Ó Dálaigh v 9. a chrú re dealg 'gar ndín-ne, Dán Dé vii 13. sbor gé dheach tar a dheilgibh, IGT Decl. ex. 1235. hi cind mo deilge, ZCP ii 135 § 10. *Cf.* next.

delga (delgu) n,f. IGT Decl. § 8. *dp.* delgnaib, TFerbe 91. deilgnibh, Aisl. Tund. 104.

(**a**) *pin or peg; peg on which shields were hung*: timpan . . . cona deilgnib óir, Acall. 5552 *v.l.* ceis ainm don delgain bic fostas in téit humaide na crute, RC xx 164 (ACC Comm.). d'fech C. in sciath 7 do chuir ar a dealgain uasa í, ITS v 116. co torchratar a scéith dia ndelgnaib, TFerbe 91. scíath ar delgain, Acall. 1632. geall da sgrepall ó cach comaidhthech ar delgain tighe a céile fo cosaib a leptha re comalladh dlighedh an comaichchesa, Laws iv 74. x Comm. (see delg).

(**b**) *spike, tip, point, sharp edge of anything*: nuimir mor do deilgnibh iarnaidhe ara losaibh amail dubanaigh aclaidi do phianadh na n-anmann, Aisl. Tund. p. 104. sníthir delgain gúaland ngeal, IGT Decl. ex. 302. ar dhealgain a ghúalann, ex. 306. dá tṡáildealgain cruind ní chuir | cuing a spuir, ex. 307. *Cf.* delgnach, deilgnech.

1 **Delga** n.pr. m. Glas. 7 D. 7 Duibne tri meic rig Tuath Breg 7 Midhe, Acall. 4558. glass mac D., TBC 2922 (= G. mac Delgna, TBC^2 2185). m. D. m. Flaind Ṡinna, Rawl. 153^{a}41.

2 **Delga** in n.loc. (Dún) D. *Dundalk, Co. Louth.* In later lang. D. Delgan (*cf.* delga), by Thurn. Heldensage 90 taken as D. Delgā(i)n. Delgu, TBC^2 1761. Delga, TBC 2015. *accus.* Delca, TBC^2 1745. Delga, 1153. Dealgain, ALC i 264. *gen.* in Dún Delca, FB § 9, LU 3295 (SC 9), D. Delgga, CRR 9. D. Dealga, AU 1001. im cónsdápla nDealgan, ALC i 256. co Dún Delgan (: con), IGT Decl. ex. 301. Dún Dealgain (scribal error?), Acall. 2319. *dat.* Delggain, TBC 2406. Delga, TBC^2 1109. Dealgau, ZCP ix 147. See Deilge.

delgach o,ā (delg) *pointed*: cuing a spuir gráindealgaigh, IGT Decl. ex. 307.

? **delgae**: dubu d. dilachtai, LL 123^{a}25 (Nuallguba Emire).

delgaige iā,f (delgach) *prickliness*: uath in ogaim, crand fir no sce ar delgaighe insin, Auraic. 5517.

delgainecht see elgainecht and 3 delgnaide.

? **delgán** (delg): aithne fiuirmiudu .i. fuirmither for dealgan aithgin ind co naill .i. faill iumcoiméta do ronadh impi . . . so cách go dealgán . . . .i. impaid cach sin ndealgan, O'Don. 1181–2 (H. 2.15, 45^b). *Cf.* Laws i 190 n. 1, 196.14 Comm.

delgánach o,ā (delgán) *prickly, stinging, sharp*: risin dírim ndlúith ndelgánaig, LL 238^{a}24 (TTr. 576).

Delge n.loc.? *Cf.* Delcce, Hog. Onom. ticfa ri for delgi | tor fergi, YBL 191^{a}47.

Delginis ī,f. n.loc. of *Dalkey Island, Co. Dublin*, *gen.* cumtach Delginsi Cualand, LL 15^{a}6. a muir Delginnsi, CS 939. *dat.* i nDelggenis Cualann, AU 732. o Dheilccinis, Gorm. Dec. 6. See Hog. Onom. *s.v.* deilginis.

? **delgna**: fuair i sain-d. rosná | nói mbain-delba dluth-chóema, Met. Dinds. ii 28.

1 **delgnach** o,ā (delga) *thorny, prickly, spiky, bristly*: draigin drissi delgnacha, LL 118^{a}15 (Ériu vii 2). na herpli delgnacha sin *those spiky tails*, Aisl. Tund. 104. na herbuill dealgnoidhi, 130. As epithet of a shield, on the face of which the heads of the rivets form knobs or spiky prominences: sgeth donna delgnacha ina lamaib, TBC 5480. bopulsciath (i.e. buaball-scíath) dub d. cona deich findbolggaib fichet findruine, LL 189^{a}59. *Cf.* deilgthech.

As subst. d. gúalann *collar-bone* (?), Laws v 354. 5. saldealgnach, 6. *Cf.* delga (b).

2 **delgnach** o,ā *distinguished* (?): Aedamnair d. trén trebur, LL 139^{b}38 (RC xlvii 305). *Cf.* 1 delgnaid.

delgnachán (1 delgnach): a dhroighnéin, a dhealgnacháin *thou little thorny one*, Buile S. 64.

1 **delgnaid**: *distinguished, conspicuous, clear* (?): ór d., SR 4211. d. cruth, 4331. d. do cach intliuchtach, 3338. See 1 delgnaide.

2 **delgnaid** *distinguishes, points out* (?): rorannad . . . feib rodelgnaisset auctair, SR 174. With FRI: rodelgnad fri cach duil, 1791.

1 **delgnaide** io,iā *distinguished, conspicuous, remarkable* (?): Aed oll . . . in deil d., Thes. ii 295.2. dóini delgnaidi, IT i 133. 4. mo drái dealgnaigi, MR 58. cach duil d., SR 8153. dīn ar tróge d., 8279.

2 **delgnaide** [iā,f.] *distinction, remarkableness* (?): ropu mór a delgnaidhe, ZCP iii 460 n. 2.

3 **delgnaide** *unlawful, wicked* (?): dealgnaidhe .i. ainndlightheach, O'Cl. *Cf.* elgainecht.

Delgnat n.pr. ā,f. *nom.* Dealccnat, FM i 4. Delgnad, Lec. 386^{a}16 (= Elgnad, 548^{b}32). Dealgnaid, Keat. i 158. *accus.* Delgnait, Lec. 549^{a}42. Delgnaid, 45. *gen.* Dealgnaidi, 548^{b}42.

? **delgnus**: mo duan dodhelbus dar leam, | gan dealghnus di uaislib Erenn, MacCarthy 434.

Delgu see 2 Delga.

? **delguin**: bit bronaigh d. . . . dilactai, LL 123^{b}26 (Nuallguba Emire).

delifón .i. formido, O'Mulc. 347.

deligud see deiliugad.

délínech o,ā (dé+líne) *having double lines*: sréin delinecha friu .i. bolga dergóir isindara liniu 7 bolga airgit isin líne aile, TFerbe 12.

Delinis n.loc. ī,f. Lec. 540^{b}2. Deilinis, BB 20^{a}3.

? 1 **dell**: deall .i. cengal, H. 3.18, 663^a.

2 **dell** see díall.

1 **della** *brooch*: d. airgit nó [f]ail óir, Laws v 438.9. ? *gs.* ditiu d. fri lumnain, LL 193^{b}40.

2 **della** see 2 do-ellai(n)g.

Della n.pr. f., LL 4^{b}48.

del(l)rad o,m. *sheen, brilliance, lustre*: iubar .i. dellradh, Corm. Y 605. tanic sollsi diasneti 7 dellrad dofhulacta co ruthnib greni fair, PH 466. amal uan tuinde no dellrad ngrene, 2170. robo tháidlech taithnemach in deallradh bói for E. ón brat sin, Cóir Anm. 38. dealradh no solus escca, FM ii 890. o'tcondcatar dellrad (*sic leg.*, delradh, delbradh, *v.l.*) na gréne, CCath. 1924. *gs.* delraidh (dealbraidh, *v.l.*), 4848. re méd na soillse 7 an delraidh do bi na agaidh, BCC § 237. co ndealradh na diadachta i ndreich . . . in chleirigh, BNnÉ 275. Of the glare of snow: deallradh an tsneachta bhíos 'na shúilibh, TSh. 9843. a blath 7 a dellrad do buain don luib *its bloom and freshness*, ZCP iv 390. blath 7 d. na hoghdhachta, *ib.* dealradh briathar, O'Hussey TC 4. Note also: deallradh fiadha lais *the semblance of a deer*, Marco P. 43.

del(l)radach o,ā (dellrad) *brilliant, resplendent*: edach delradach dath-alaind, TTebe 2842. rí diumsach delradach, 471.

dellraigid (*cf.* dellrad). Intrans. *shines, shines forth*: dellraigi[dh] 'san oidhci amal re lai, Arch. i 330. dellraigfid sollsi mor forru, PH 3785. *Fig. is conspicuous, manifest*: dá raibhe ní sa mheasa ioná a chéile dheallruigheas tréna ghné (=*quo specie sui clarescit*), TSh. 8343.

Trans. *lights up, makes to shine*: a Dia . . . is tu do dellraid firmamint neime, 3 B 22, 40^{a}11. do cumsain an spirat naem indti . . . 7 do dellraid hí do cach uile tindlacad spiradalta, 41^{b}4. an tab naomhtha do deallraigheadh do mhíorbhuillibh *renowned for miracles*, ITS xvi 134.

dellraigthe *part.* of dellraigid *shining, resplendent*: briathra dealraighthe an duilimh, O'Hussey TC 4.

dellraigthech o,ā (dellraigid) *bright, shining, resplendent*: nac fuil ionadh is in doman gan beth deallraigteach solus on grein, Ir. Astr. Tr. 98. lasair dheallruightheach theineadh, Keat. iii 1522. coimh-deallruightheach sin . . . go nach glémhaisighe an ghrian ioná é, TSh. 10979. mainistir dh., SG 4.13.

dellrugud *vn.* of dellraigid *act of shining*: beid na fíréin . . . ag deallrughadh amhail ghréin, TSh. 10982. mar ghréin ndiadha iar ndealrughadh, Arch. Hib. i 88.

? **dellsaire**: na trí drúith . . . ropo dluith a nd., LL 28^{a}10.

Dellsaire n.pr. f. Delsairi, LL 137^{a}41. Dullsaine, BB 282^{b}50. Deallsairi, Lec. 567^{a}46.

delluing see 2 do-ellai(n)g.

delm see deilm.

delmas see delbas.

Delmchend n.pr. m. *gen.* m. D. m. Maisni, LL 324^{e}18.

? **delmiu**: sluag d., sluag diliu, LL 190^{c}25. *Cf.* deilm.

Delmna see Delbna.

Déloch n.loc. Bellum Delocho i Ciunn Tire, AU 575, 576 (Telocho, *v.l.* Cath Delgon, Tig.), explained by Meyer as gen. of déloch *a pair of lakes, i.e.* a tract of land including two lakes, ZCP xiii 140.

delochan *distinction, difference*: am féarsa derbus deifir 7 dealóc[h]an an dá aibidil sin, O'Gr. Cat. 311. As *vn.* of deiligid: an urduil sin do dáinib do gairm cum Diadh 7 do dealochan re diabul, Lib. Flav. i 33r^{a}27.

? **delóir**: co faghbadsom bás . . . 7 comad ó dhrochdáinib 7 comad do armaib delóirib, SG 396. *Cf.* deróil.

Deloth n.pr. m. *gen.* m. Mercain m. D. m. Cumaill m. Largaich, Lec. 460^{b}5.

1 Delt n.loc. of a river, TBC 4235. for D., 333 = for Deilt, TBC^2 102 (LU). o Chomur co D. (: techtairecht), LL 151^{a}32.

2 Delt n.pr. m. BDD § 108. TBC^2 1678 (LU).

Deltbanna n.pr. io,m. Deltbanda, Dinds. 12 (RC xv 303).

Deltbuinne n.pr. io,m. *gen.* Deltbunni, LL 137^{b}26.

delugud see deiliugad.

dem (*cf.* do-eim) *protection, shelter*: ni fagaidh seg . . . demh ind-uaim, RC xi 130. cáine dind d. i foat ollamain, Ält. Ir. Dicht. ii 20 (but *cf.* 1 deim).

? **dema**: Liber pater d. de | isin Teba ata-saide, LL 143^{b}25.

demain see demon.

Demal n.pr. o,m., Rawl. 137^{b}22. *gen.* Demail, 117^{g}18. LL 19^{a}27.

demal *demon* (poet.): démál .i. demon, Met. Gl. 60. bae [a] huath fri Demal (.i. fri demon), ACC 40 (RC xx 176).

demecimm see do-meiccethar.

demein: in delb dind ór derg d. (: sein), SR 4150. mad maith la Dia derbd. (: sain), 1950. Prob. *metri gratia* for deimin.

dememsatar (3 *pl. fut.*?): cennaib slūag d. claideb (claidib, LU), TBC^2 991 (rhet.). *Cf.* maidid.

demergach see díbergach.

demes *refusal* (?): in aithne builg no cleara no teige libair ma tarcaid in fer imuig a taisbenad 7 rofeimed ón fer tall . . . ma tarcaid in fer tall a t. 7 d. ón fir amuig, O'D. 1662 (H. 5.15, 23^b).

? **demetar**: dollotar co ndemetár Emain Macha, FB § 90 = co fedatar, Eg.

Demmán n.pr. o,m., LL 41^{c}7. Colman Demman, Rawl. 92^{e}41. *gen.* Demáin, Trip. 224.19 = Demán, Trip.^{2} 2666.

demnacda io,iā (demon) *diabolical, devilish, demoniac*: drong demnachda (*sic*), SR 8329. comairli duaibsech d., MR 198. na heladna demnacdai, Trip. 56 = demnachta, Trip.^{2} 559. loinges demhnacdha *a fleet of demon ships*, FM ii 1144. *Possessed by a devil*: duine d., PH 1983. deamnagda, YBL 142^{a}14. *Compar.* demhnacdha, CCath. 3951.

demnach o,ā = demnacda: ba gním d., LL 36^{a}12. ba mór in cumachta d. ria cretim, LU 4035 (SC 49). eccla ifirn duibh demhnaig, Arch. iii 216.17. duine d. *a demoniac*, Lism. L. 4855. Also demnech: gnuisi duba demnecha, YBL 168^{b}21.

demnacht ā,f. (demon) *devilry, magic*: inna éladna demnachta, Trip.^{2} 559 = demnacdai, Trip. 56. sluag dia fognadh d., BB 204^{b}15; *cf.* Todd Nenn. 134. dée demnachta, St. Ercuil 2526.

demnaide io,iā = demnacda: srogell slaides slúag ndemnaidi, Arch. iii 218. upthada demhnaigi, Marco P. 148. trú dhuaibhseach dheamhnaidhe, TSh. 3742.

demnaidecht ā,f. (demnaide) *devildom, the demon host*: co rabi in uli demnaigecht fomamaigthi dó, PH 2797. *Devilry, diabolical agency*: upthada . . . 'arna cur la druidecht 7 demhnaighecht, Marco P. 148.

demnata = demnacda: spirut deamnata, CCath. 1059. mna drutha d., ZCP viii 208.

demnech see demnach.

demon m. (Lat. *daemon-ia*) On inflection see Thurn. Gramm. §§ 280, 925, O'Rahilly, Ériu xiii 157. *ns.* demun, Wb. 21^{b}2. demon, Fél. Feb. 16. deman, PH 2034. *gs.* demuin, Wb. 9^{d}24. PH 1127. demain, 635. *ds.* dhemain (: credhail), ZCP i 62 § 49. *np.* demna, LU 4036 (SC 49). Thes. ii 354–5. PH 747. demain, Arch. iii 226. deamhain, TSh. 5809. *vp.* demnu, PH 814. *ap.* demnai, Thes. ii 301.9. Fél. Ep. 152. demna, PH 2297. démnu, 2028. demno, LL 13^{a}2. deamhna, TSh. 8783. *gp.* demne, Wb. 11^{b}13. demna, FA 24. PH 6269. demun, 2506. *dp.* demnib, Wb. 32^{c}13. demnaib, Ml. 116^{a}3. PH 6381. m., IGT Decl. § 17.

Demon, devil, evil spirit: in tain n-eidfider carcar Ifirnn for demnib et pecthachaib, Wb. 32^{c}13. fri aslaige demnae, Fél. Ep. 198. co cathaigtis . . . na demna frisna dóinib, LU 4036 (SC 49). sech treotu doerdemna, Arch. iii 219. is tafann deigcleirig tucais arna demnaib, Acall. 6788. Esp. *the Devil, Satan* (in O.Ir. usually without article): tri lathar demuin *through the Devil's influence*, Wb. 9^{d}24. fochaidi demuin, Ml. 112^{b}20. co r-chlotis domun 7 demun, PH 1452. diultad De 7 giallnæ Demuin, O'Mulc. 309.

démond o,m. (Engl. or Rom. loanword) *diamond*: an chloch uasal dárab ainm d., Mac Aingil 92. tairngi démoind, 93. mōrān dēmont, Fl. Earls 256. As collect.: a choroin ier n-a himchengal do dēmont 7 do chlochaibh uaissle, 172.

demonda (demon) *demoniac, devilish*: fled demanda, Laws iii 18. fled d. (*sic leg.*) .i. fled do berar do macaib bais . . . is dilis iarum do deman in fled sin, 24. nior chubhaidh . . . na doctúire deamhandasa do leanmhuin, Mac Aingil 480.

? **demra**: measg ar deirfíair deamra dhí (: Leamhna), IGT Decl. ex. 900.

demuca *pl.* dagmuca denma .i. na demuca a cein bither aca methad gen mes, O'C. 343 (H. 3.18, 190^b) '? demmuca lit. *neuter* (i.e. *gelded*) *pigs*', Plummer MS. notes.

démuiride (dé+muir) gl. *bithalassum* (= *dithalassum*), Thes. i 498.

Demundech in n.loc. Loch D. hi tírib Mugdorne, LL 327^{h}44.

de(i)n (see Wortk. 115, KZ xlvi 151) adj., apparently indecl., and found only in verse (*cf.*, however: cach duine dein dligthide, Laws iv 360.19). Possibly inflected in: daidhri Duiblindi deni tuathaigi, BB 298^{a}22 (*gsf.* or *leg.* déine?) and: secht nóem déae . . . deni mathi, Gorm. Apr. 16 (*np.*). Sense uncertain. dein .i. glan, O'Dav. 598 (followed by O'Cl. dein .i. glan; dein *clean, neat*, O'Br.; dén *pure, clean, neat*, P. O'C.) is a mere guess, perh. suggested by the gl. deine .i. glaine, ZCP v 489 § 10 (B. na f.). Meaning seems rather *firm, strong, powerful*: a dúire den, SR 1391. do Denna Den. .i. Denna dímór, LU 9835 (PRIA xix 532). Cithramach den (: filed), Acall. 535. cái cruaid den (dean, MS.: fochan), Four Songs § 2. bearum-ne a cruth dean | tar gach finnsruth fial, Oss. v 16. niambrat Néill im drummchlár nden, Ériu iv 96. rosdedlaig degrann den (: ingen), Rawl. 72^{a}33. roidpart Dia cach ṅdúil dein, SR 1803. sechtmoga mac la dís dein (: ingenaib), 1971. gréni fri turcbail toebdein, 4434. i n-ainbthine dein dermóir, 7614. truagh deired in domain dein (: ind), Acall. 2677. deich turba derb na ndrong nden, SR 773. for drongaltaib den, Rawl. 165^{b}22. cét tengad dein, SR 955. cona dlúmaib dlúthaib dein, 3367. *Cf.* 2469. Note also: do Dia dein (: aimsir), 1471. mac Dé dein, KMMisc. 156.128.

In chevilles: monar nden (: hécen), SR 1451. monar ndein (: sein), 4643. déde ṅdein, 7033. lathar ṅdein, 5861. delm ṅdein, 5329. ruathar ndein, 4765.

? As subst. den .i. dín nó daingen ut est . . . gorab den fri trachta[d] .i. gorab díon nó gorab daingen in trachta[d], O'Dav. 737.

COMPD.: -grád: glantogu deingráid buada, Ériu ii 64.

? **denache**: d. dlomaid fiada tar cend alaile (of distress brought in late in the evening), Laws ii 124 Comm.

